**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

Freagair **GACH CEANN de na CÚIG** Cheist laistigh

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair codanna (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**

**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

***Sampla:*** Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | Gaillimh | ☐ | (b) | Béal Feirste | ☐ | |
| (c) | Baile Átha Cliath | ✓ | (d) | Port Láirge | ☐ | (1) |

***1.*** Cé acu ceann díobh seo a leanas **NACH** foinse phríomha í?

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | beathaisnéis | ☐ | (b) | fótagraf | ☐ | |
| (c) | dírbheathaisnéis | ☐ | (d) | teastas breithe | ☐ | (1) |

***2.*** An gléas a úsáidtear chun aerbhrú a thomhas ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | baraiméadar | ☐ | (b) | ainéimiméadar | ☐ | |
| (c) | teirmiméadar | ☐ | (d) | scálaí tomhais | ☐ | (1) |

***3.*** Tháinig na Normannaigh go hÉirinn ar dtús:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | sa 12ú haois | ☐ | (b) | san 8ú haois | ☐ | |
| (c) | sa 10ú haois | ☐ | (d) | sa 15ú haois | ☐ | (1) |

***4.*** Bhí an proinnteach i mainistir cosúil:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | le seomra suí | ☐ | (b) | le leabharlann | ☐ | |
| (c) | le hospidéal | ☐ | (d) | le bialann | ☐ | (1) |

***5.*** Is í an fharraige atá ar an taobh thoir d'Éirinn ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | An Mhuir Thuaidh | ☐ | (b) | An tAigéan Atlantach | ☐ | |
| (c) | Muir Éireann | ☐ | (d) | An tAigéan Ciúin | ☐ | (1) |

***6.*** Tá bratach na Náisiún Aontaithe:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | gorm agus bán | ☐ | (b) | dearg, bán agus gorm | ☐ | |
| (c) | glas, bán agus dearg | ☐ | (d) | bán agus dearg | ☐ | (1) |

**7.** An tsiombail a úsáidtear ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis chun stáisiún cumhachta hidrileictrí a thaispeáint ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ciorcal | ☐ | (b) | na litreacha HP | ☐ | |
| (c) | ciorcal le ponc ann | ☐ | (d) | réalta | ☐ | (1) |

**8.** Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ollscoileanna:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | don chaitheamh aimsire | ☐ | (b) | don tionsclaíocht | ☐ | |
| (c) | don airgeadas | ☐ | (d) | don oideachas | ☐ | (1) |



*waynenationalforest's Flickr photostream/Creative Commons*

**9.** Ginfidh na painéil dín san fhótagraf thuas leictreachas trí:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | fuinneamh na taoide | ☐ | (b) | cumhacht na gréine | ☐ | |
| (c) | cumhacht na gaoithe | ☐ | (d) | ola a dhó | ☐ | (1) |

**10.** An t-ainm a bhí ar an bpríomhfhoirgneamh i gcaisleán cloch ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | túirín | ☐ | (b) | daingean | ☐ | |
| (c) | bábhún | ☐ | (d) | diméin | ☐ | (1) |

**11.** Ciallaíonn fairsingiú fásaigh:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | iompar i bhfásach | ☐ | (b) | mianadóireacht i bhfásach | ☐ | |
| (c) | lonnú i bhfásach | ☐ | (d) | leathnú fásaigh | ☐ | (1) |

**12.** Is éard is mó a bhíonn i limistéar tráchtála ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | monarchana | ☐ | (b) | feirmeacha | ☐ | |
| (c) | gnólachtaí | ☐ | (d) | stáisiúin chumhachta | ☐ | (1) |

**13.** Cén aois inar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | an 16ú haois | ☐ | (b) | an 17ú haois | ☐ | |
| (c) | an 18ú haois | ☐ | (d) | an 20ú haois | ☐ | (1) |

**14.** Sampla de chaomhnú is ea:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | ró-úsáid | ☐ | (b) | dúshaothrú | ☐ | |
| (c) | athchúrsáil | ☐ | (d) | diomailt | ☐ | (1) |

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Nósanna adhlactha
**NÓ**
(b) Saol mná
**NÓ**
(c) Tithe
**NÓ**
(d) Saighdiúir agus a chuid arm

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé uirthi ná ______________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(6)

**(C) NA LOCHLANNAIGH <u>NÓ</u> NA CEILTIGH** **(6 mharc)**

Freagróidh mé faoi na ____________________________

***1.*** Seachas Éire, ainmnigh **DHÁ** thír ar thaistil na daoine seo chucu.

____________________________________________ agus ____________________________________________ (2)

***2.*** Cén fhianaise atá againn gur lonnaigh na daoine seo in Éirinn? Tabhair samplaí sonracha.

____________________________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________________________

____________________________________________________________________________________________


__________________________________________________________________________________________ (4)

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>nó</u> (B)**

**Foinse A**
Déan staidéar ar an léarscáil thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




***1.*** Ón léarscáil, ainmnigh **DHÁ** chontae a plandáladh le linn Phlandáil Uladh.

a. ________________________ b. ________________________ (2)

***2.*** Ón léarscáil, ainmnigh **DHÁ** chontae nár plandáladh le linn Phlandáil Uladh.

a. ________________________ b. ________________________ (2)

***3.*** Tabhair **DHÁ** chúis ar tharla Plandáil Ulaidh.

a. ______________________________________________

______________________________________________

b. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

***4.*** Ainmnigh an Rí ar Shasana a bhí freagrach as Plandáil Uladh.

______________________________________________ (2)

***5.*** Tá roinnt bailte ar an léarscáil seo. Ainmnigh baile amháin díobh agus luaigh **DHÁ** bhealach a raibh tionchar ag Plandáil Uladh ar fhorbairt an bhaile sin.

Ainm an Bhaile: ________________________

a. ______________________________________________

______________________________________________

b. ______________________________________________

______________________________________________ (4)

**Foinse B**

Déan staidéar ar an sliocht thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> Thug Francis Bacon an chomhairle seo a leanas chun go mbeadh rath ar phlandáil:
>
> *"Ba chóir gur garraíodóirí, treabhdóirí, saothraithe, gaibhne, siúinéirí, saoir adhmaid, iascairí, foghlaeirí, roinnt poitigéirí (cógaiseoirí), máinlianna, cócairí agus báicéirí iad na daoine a phlandálann tú. Thar aon ní eile, ba chóir stór de bhrioscaí, de mhin choirce, de phlúr, de mhin agus a leithéidí a thabhairt ag an tús, nó go mbeidh arán ar fáil. Maidir le hainmhithe agus le héanlaith, tóg na cinn is lú a bhfuil baol galair ag baint leo agus is tapúla a shíolraíonn; gabhair, coiligh, cearca, turcaithe, géanna, coilm thí agus a leithéidí."*

***6.*** Mínigh an fáth a mbeidís seo a leanas úsáideach chun go mbeadh rath ar phlandáil:

(a) **siúinéir**

________________________________________

________________________________________

(b) **báicéir**

________________________________________

________________________________________(2)

***7.*** Cén fáth a gcomhairlíonn Bacon do na plandóirí "brioscaí, min choirce, plúr, min agus a leithéidí" a thabhairt leo ag an tús?

________________________________________

________________________________________

________________________________________(2)

***8.*** Tabhair fáth **AMHÁIN** a gcomhairlíonn Bacon do na plandóirí na hainmhithe agus an éanlaith a luann sé a thabhairt leo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________(2)

***9.*** Cén dearcadh atá ag Bacon ar Éirinn? Luaigh pointe **AMHÁIN**.

________________________________________

________________________________________

________________________________________(2)

***10.*** Luaigh deacracht **AMHÁIN** a bhí ag plandóirí nuair a tháinig siad go hÉirinn.

________________________________________

________________________________________(2)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS (24 marc)**

**Foinse A**

Déan staidéar ar an léarscáil thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.




***1.*** Ainmnigh an t-aigéan ar an taobh thoir den Bhrasaíl.________________________________________(2)

***2.*** Cén tír Eorpach a raibh an Bhrasaíl mar choilíneacht aici tráth?__________________________________(2)

***3***. Ainmnigh **DHÁ** thír ar theorainn na Brasaíle.

______________________________________ agus ______________________________________(4)

Déan staidéar ar na fótagraif thíos agus ansin freagair na ceisteanna ina ndiaidh.



**Fótagraf A - Is fótagraf é seo den chuid de Sao Paolo ar a dtugtar Vila Sonia.**

***4.*** Tugtar favela ar an gcineál lonnaíochta i dtulra an fhótagraif.
Cén fáth a maireann an oiread sin daoine sna favelas i gcathracha na Brasaíle?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(4)



**Fótagraf B – Seo fótagraf de lonnaíocht san fhoraois bháistí**

*5.* Cén abhainn a bhfaighfeá an cineál lonnaíochta a thaispeántar i **bhFótagraf B** ina habhantrach?

______________________________________________________________________(2)

*6.* Cad is díchoilltiú ann?

______________________________________________________________________(2)

*7.* Conas a d'fhéadfadh díchoilltiú tionchar a bheith aige ar shaol na ndaoine atá ina gcónaí sa lonnaíocht i **bhFótagraf B**?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(4)

*8.* Tabhair **DHÁ** chúis a d'fhéadfadh a bheith ag daoine an lonnaíocht **i bhFótagraf B** a fhágáil chun lonnú sa limistéar a thaispeántar i **bhFótagraf A.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________


______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(4)

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)**


**Féach ar na foinsí seo agus freagair na ceisteanna ar an leathanach thall.**




*"Over London by Rail" le Gustave Doré*









***1.*** Scríobh faoi dhálaí maireachtála i mbailte móra sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

(6)

***2.*** Scríobh faoi pháistí mar oibrithe sa Réabhlóid Thionsclaíoch.

(6)

FREAGAIR (B) NÓ (C)

## (B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA (12 mharc)



*Fótograf ó http://www.greatwar.nl*

Throid mórán buachaillí faoi aois mar shaighdiúirí ar gach taobh sa Chéad Chogadh Domhanda.Go hoifigiúil, ba é 19 an aois íosta chun dul isteach in Arm na Breataine ach d'inis mórán bréag faoina n-aois.

Is minic a bhí a fhios ag na hoifigigh earcaíochta go raibh na buachaillí ró-óg.

Mhínigh buachaill amháin, 16 bliana d'aois, conas a chuaigh sé isteach san arm: *"D'fhiafraigh an sáirsint earcaíochta díom cén aois a bhí mé agus, nuair a d'inis mé dó, dúirt sé, 'B'fhearr duit dul amach, teacht isteach arís agus malairt scéil a insint dom.' Tháinig mé ar ais, dúirt mé leis go raibh mé 19 agus bhí mé istigh."*

A lán de na saighdiúirí óga seo, buaileadh go dona leis an suaitheadh catha iad.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** arm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth a raibh fonn chomh mór sin ar bhuachaillí óga dul isteach san arm agus troid sa Chéad Chogadh Domhanda? Tabhair **DHÁ** chúis.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

***3.*** Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

a. Cath na Somme
b. Conradh Versailles
c. An saol sna trinsí
d. Suaitheadh catha

________________________________________ (6)

**<u>NÓ</u>**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

***FRITHBHEARTAÍOCHT AGUS PÁIRTÍNIGH***

Le linn an Dara Cogadh Domhanda, throid mórán daoine áitiúla san Eoraip i gcoinne airm na Gearmáine i dtíortha faoi fhorghabháil. Bhí siad i ngrúpaí mar Fhrithbheartaíocht na Fraince, Arm Baile na Polainne agus na páirtínigh. Ní i gcónaí a throid siad go díreach i gcoinne na nGearmánach, ach chuidigh siad le saighdiúirí na gComhghuaillithe le gníomhaíochtaí éagsúla.







***1.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** san Eoraip a raibh gluaiseacht ghníomhach frithbheartaíochta aici.

______________________________________________ (2)

***2.*** Cén fáth, dar leat, ar bhain an ghluaiseacht frithbheartaíochta an oiread sin úsáide as mná agus as buachaillí óga?

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***3.*** Scríobh faoi na cineálacha gníomhaíochtaí a raibh na trodaithe frithbheartaíochta agus na páirtínigh páirteach iontu.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (6)

# CEIST 4

**24 marc**

**Freagair an DÁ chuid – (A) agus (B).**

## (A) AN DOMHAN FORBARTHA – CAITHEAMH BIA (12 mharc)

**Léigh an t-eolas agus freagair na ceisteanna ar fad thíos.**

| Tír | % de dhaoine atá murtallach |
|---|---|
| Na Stáit Aontaithe | 30.6 |
| An Ríocht Aontaithe | 23 |
| An Astráil | 21.7 |
| An Spáinn | 13.1 |
| Éire | 13 |
| An Iorua | 8.3 |
| An tSeapáin | 3.2 |

*Eolas ó Shonraí Sláinte an OECD 2005*



*Fótagraf in úsáid le caoinchead ó Tony Alter.*

**Ciallaíonn murtall go bhfuil duine i bhFAD róthrom.**

*1.* Mol cúis **AMHÁIN** gur sna Stáit Aontaithe atá an céatadán is mó de dhaoine murtallacha**.**

___

___ (2)

*2.* Cén fáth, dar leat, a bhfuil leibhéal murtaill an-íseal ag daoine sa tSeapáin?

___

___

___ (4)

*3.* Caitheann Éireannaigh amach an-chuid bia gach lá. Is féidir leis a bheith chomh hard leis an tríú cuid den mhéid a cheannaímid. Luaigh **TRÍ** rud a d'fhéadfaimis a dhéanamh chun stop a chur leis an diomailt seo.

___

___

___

___

___

___ (6)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA – CAITHEAMH BIA** **(12 mharc)**

**Léigh an t-eolas agus freagair gach ceist thíos.**




*Fótagraif tógtha ó thuarascáil an innéacs Dhomhanda ocrais 2008*

*Déantar an tInnéacs Domhanda Ocrais a oibriú amach trí gach tír faoi leith a sheiceáil chun a fheiceáil:*
*- cá mhéad duine atá ocrach*
*- cá mhéad páiste faoi aois 5 atá faoin meáchan ba chóir dó/di a bheith aige/aici agus*
*- cá mhéad páiste a bhásaigh sula raibh sé/sí 5 bliana d'aois*

**Dá <u>ísle</u> an figiúr don Innéacs Domhanda Ocrais, is ea is lú an líon daoine atá ocrach sa tír sin.**

| Tír | An tInnéacs um Ocras Domhanda 1990 | An tInnéacs um Ocras Domhanda 2008 |
|---|---|---|
| Peiriú | 19.5 | 5.6 |
| An Afraic Theas | 7.4 | 6.9 |
| An tSín | 11.6 | 7.1 |
| Gána | 24.4 | 13.9 |
| Uganda | 19.9 | 17.1 |
| An India | 32.5 | 22.7 |
| An tSiombáib | 20.2 | 23.8 |
| An Aetóip | 44 | 31 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 25.5 | 42.7 |

**Ón gcairt seo, is féidir leat a fheiceáil go bhfuil mórán tíortha ag feabhsú, ach ag an am céanna i dtíortha áirithe, tá an t-ocras fós ag dul in olcas.**

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** thír ina bhfuil níos **<u>lú</u>** ocrais in 2008 ná 1990.

____________________ agus ____________________ (4)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** thír ina bhfuil níos **<u>mó</u>** ocrais in 2008 ná 1990.

____________________ agus ____________________ (4)

***3.*** Ainmnigh **DHÁ** bhealach inar féidir le rialtas nó le muintir na hÉireann cabhrú chun feabhas a chur ar rudaí sna tíortha seo.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

# CEIST 5

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, 1 : 50,000 agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeántar baile Charraig na Siúire agus an ceantar ina thimpeall ar an léarscáil agus san fhótagraf .

***1.*** Ainmnigh an Príomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________________________________ (2)

***2.*** Is é an príomhchineál úsáide a bhaintear as talamh in S 40 28 ná ______________________ (2)

***3.*** Tá tú ag an ngalfchúrsa 18 bpoll ag S 402 204, ag féachaint i dtreo bhaile Charraig na Siúire.

***(a)*** Tá tú ag airde ______ méadar os cionn leibhéal na farraige. (4)

***(b)*** Tá fána romhat amach. An bhfuil an fhána réidh nó géar? ______________________ (4)

***(c)*** Is é an ______________________an bóthar réigiúnach atá ag trasnú na fána seo. (4)

***4.*** Agus úsáid á baint agat as an léarscáil agus as an bhfótagraf, ainmnigh an droichead atá suite ar chlé ón lár san fhótagraf.

____________________________________________ (4)

***5.*** Tabhair cúiseanna gur fhorbair baile Charraig na Siúire ag an láthair seo, dar leat.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ (4)